# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 17 MEITHEAMH, 2008 – TRÁTHNÓNA, 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m.**

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
| --- |
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile. Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1** amháin a fhreagairt **NÓ** tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
| --- |
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
| --- |
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
| --- |
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. <u>Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta Déantúsaíochta</u>**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Chathasaigh Tta ar 31/12/2007.

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe - 800,000 Gnáthscair @ €1 an ceann | | |
| Eisithe - 600,000 Gnáthscair @ €1 an ceann | | 600,000 |
| Gléasra & Innealra (costas €440,000)……………… ............ | 380,000 | |
| Foirgnimh Mhonarchan ag costas ......................................... | 600,000 | |
| Veaineanna Seachadta (costas €92,000) ................................. | 68,000 | |
| Paitinní.................................................................................... | 75,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe…………………………….. | 41,600 | 29,500 |
| Stoic 1/1/2007 | | |
| Amhábhair ...................................................................... | 58,000 | |
| Obair idir lámha............................................................. | 33,000 | |
| Earraí críochnaithe ……………………………………... | 64,000 | |
| Pá Monarchan.......................................................................... | 130,000 | |
| Ceannachán Amhábhar........................................................... | 344,000 | |
| Speansais Dhíreacha............................................................... | 38,000 | |
| Díolacháin ............................................................................... | | 980,000 |
| Aischur isteach ....................................................................... | 3,400 | |
| Díolachán Dramhábhar........................................................... | | 8,000 |
| Táillí Stiúrthóirí...................................................................... | 36,000 | |
| Árachas Monarchan................................................................ | 18,000 | |
| Solas agus Teas Monarchan ................................................... | 43,400 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2007.......................... | | 87,000 |
| Bintiúir 10% (eisithe 1/4/2007)............................................... | | 200,000 |
| CBL. ........................................................................................ | | 10,200 |
| Stáiseanóireacht...................................................................... | 5,400 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach.............................................. | | 2,800 |
| Banc......................................................................................... | | 27,300 |
| Fógraíocht............................................................................... | 7,000 | |
| | 1,944,800 | 1,944,800 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoic ar 31/12/2007:

| | |
|---|---|
| Amhábhair | €49,000 |
| Obair idir lámha | €23,000 |
| Earraí Críochnaithe | €74,000 |

(ii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Gléasra & Innealra | - | 20% den chostas |
| Veaineanna Seachadta | - | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Foirgnimh Mhonarchan | - | 3% den chostas |

(iii) Tá Pá Monarchan le roinnt: 75% ar phá díreach agus 25% ar phá maoirseora.
(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar bhintiúir.
(v) Baineann Árachas Monarchan leis an mbliain dar chríoch 30/03/2008.
(vi) Tá Earraí Críochnaithe le haistriú ón monarcha ag Luach Reatha ar an Margadh de €700,000.
(vii) Déan soláthar do cháin chorparáide €12,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Cuntas Déantúsaíochta don bhliain dar chríoch 31/12/2007. (40)
**(b)** Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2007 (40)
**(b)** Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2007. (40)

**(120 marc)**

**2.** **Brabús agus Caillteanas Cuideachta**

Tá Caipiteal Údaraithe ag Ó Muireagáin Tta de 800,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 400,000 de na Gnáthscaireanna agus 200,000 de na Scaireanna Tosaíochta 5% eisithe ag an gcuideachta cheana féin. Ar 1/1/2007 bhí iarmhéid €85,000 i gCuntas Cúlchiste Ginearálta na cuideachta. Thug Ó Muireagáin Tta brabús €180,000 ar aghaidh ó 2006 agus thaispeáin na cuntais brabús roimh cháin de €210,000 don bhliain dar chríoch 31/12/2007. Le linn na bliana íocadh díbhinn iomlán de 12c an gnáthscair leis na Gnáthscairshealbhóirí agus íocadh díbhinn tosaíochta iomlán don bhlian leis na Scairshealbhóirí Tosaíochta.

Ar 31/12/2007 mhol na stiúrthóirí:

**(i)** Go ndéanfaí soláthar €15,000 don ús.
**(ii)** Go ndéanfaí soláthar €47,000 don Cháin.
**(iii)** Go ndéanfaí an Cúlchiste Ginearálta a mhéadú de €25,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cuntas Brabúis agus Caillteanais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2007. (35)
**(b)** Clár Comhardaithe a ullmhú a thaispeánann na cuntais ábhartha tar éis na leithghabhálacha agus na soláthairtí thuas a dhéanamh. (25)

**(60 marc)**

3. **Ráiteas Réitigh Bainc**

Leagtha amach thíos tá Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc T. Uí Chléirigh do mhí Aibreáin 2008:

**Cuntas Bainc**

| | | € | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aibreán 1 | Iarmhéid t/a | 8,760 | Aibreán 3 | S. Ó Ceallaigh | 300101 | 450 |
| Aibreán 8 | Díolacháin lóisteáilte | 6,500 | Aibreán 9 | T. de Faoite | 300102 | 640 |
| Aibreán 20 | Lóisteáil | 4,270 | Aibreán 15 | Árachas | 300103 | 1,930 |
| Aibreán 28 | Díolacháin Lóisteáilte | 1,960 | Aibreán 18 | R. Ó Labhra | 300104 | 275 |
| | | | Aibreán 22 | T. Ó Cathasaigh | 300105 | 820 |
| | | | Aibreán 28 | M. Ó Maoileoin | 300106 | 1,300 |
| | | | Aibreán 30 | Iarmhéid | t/s | 16,075 |
| | | 21,490 | | | | 21,490 |

**Ráiteas Bainc ar 30/4/2008**

| | | Dochar € | Sochar € | Iarmhéid € |
|---|---|---|---|---|
| Aibreán 1 | Iarmhéid t/a | | | 8,760 |
| Aibreán 3 | Ús faighte | | 200 | 8,960 |
| Aibreán 5 | 300101 S. Ó Ceallaigh | 450 | | 8,510 |
| Aibreán 8 | Lóisteáil | | 6,500 | 15,010 |
| Aibreán 11 | 300102 T. de Faoite | 640 | | 14,370 |
| Aibreán 19 | 300103 Árachas | 1,930 | | 12,440 |
| Aibreán 21 | M. Ní Fhéinne (C/T obtha) | 730 | | 11,710 |
| Aibreán 22 | Lóisteáil | | 4,270 | 15,980 |
| Aibreán 23 | 300105 T. Ó Cathasaigh | 820 | | 15,160 |
| Aibreán 25 | Ordú Seasta | 160 | | 15,000 |
| Aibreán 28 | Táillí Bainc | 33 | | 14,967 |
| Aibreán 29 | T. Ó Meachair | 500 | | 14,467 |

**Nóta:** Bhreac an banc an €500 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar 29 Aibreán trí earráid do Chuntas T. Uí Chléirigh in ionad do Chuntas M. Uí Chléirigh.

**Iarrtar ort:**

(a) Cuntas coigeartaithe Bainc T. Uí Chléirigh a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)

(b) Ráiteas a ullmhú ar 30/4/2008 a réitíonn iarmhéid coigeartaithe an Chuntais Bhainc le hiarmhéid an Ráitis Bhainc. (25)

**(60 marc)**

**4.** **Ráiteas Táblach**

Taispeánann an Clár Comhardaithe seo a leanas staid airgeadais R. Uí Cheallaigh mar a bhí ar 1 Deireadh Fómhair 2007.

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1 Deireadh Fómhair 2007**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 330,000 | |
| Mótarfheithiclí | | 105,000 | 435,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | | 33,000 | |
| Féichiúnaithe | | 36,200 | |
| Banc | | 22,700 | |
| | | 91,900 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe | 29,000 | | |
| Speansais (dlite) | 1,900 | 30,900 | 61,000 |
| | | | 496,000 |
| | | | |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Caipiteal | | | 496,000 |
| | | | 496,000 |

**Tharla na bearta seo a leanas le linn Dheireadh Fómhair 2007:**

| | |
|---|---|
| D.F. 3 | Fuarthas €2,300 ó fhéichiúnaí le fiacha €2,500 a ghlanadh go hiomlán. |
| D.F. 7 | Ceannaíodh earraí ar cairde €12,800. |
| D.F. 9 | Íocadh, le seic, speansais a bhí dlite ag tús na míosa. |
| D.F. 11 | Íocadh, le seic, Iarmhéid €6,300 i gCuntas creidiúnaí agus fuarthas lascaine €300. |
| D.F. 15 | Díoladh ar cairde €14,500 earraí a chosain €11,300. |
| D.F. 21 | Fógraíodh féichiúnaí, a raibh €800 dlite uaidh, a bheith féimheach agus íocadh 20c sa €1. |
| D.F. 25 | Íocadh €1,700, le seic, as cuntas bainc na gnólachta, ar dheisiúcháin ar áitreabh príobháideach. |
| D.F. 28 | Ceannaíodh trádstóras in aice láimhe ar €170,000. Íocadh éarlais €10,000 le seic agus fuarthas an chuid eile den airgead ar iasacht ó New Finance Ltd. |

**Iarrtar ort:**

A thaifeadadh ar ráiteas táblach an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31 Deireadh Fómhair a thaispeáint.

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Bhreathnach Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2007:

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2007**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin ar cairde | | 900,000 |
| Lúide: Costas Díolachán | | |
| Stoc 1/1/2007 | ? | |
| Ceannacháin (ar cairde) | 620,000 | |
| | ? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2007 | 63,000 | |
| Costas Díolachán | | 610,000 |
| Ollbhrabús | | 290,000 |
| Lúide Speansais (Ús íoctha €24,000 san áireamh) | | 160,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | 130,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2007 | | 133,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2007 | | 263,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2007**

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 820,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | 156,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| (Creidiúnaithe €35,600 san áireamh) | 73,000 | 83,000 |
| | | 903,000 |
| **Maoinithe ag** | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin** | | |
| Bintiúir 8% (2011/2012) | | 300,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna | 340,000 | |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 263,000 | 603,000 |
| | | 903,000 |

**(a) Iarrtar ort iad seo a ríomh:**
- (i) An figiúr do Stoc Tosaigh
- (ii) An tréimhse chreidmheasa (cairde) a fuarthas ó chreidiúnaithe
- (iii) An toradh ar an gCaipiteal in Úsáid
- (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)

**(b) Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Bintiúir 8% (2011/2012)
- (ii) Ús íoctha
- (iii) Sócmhainní Leachtacha
- (iv) Cistí Scairshealbhóirí. (40)

**(c)** An éireodh níos fearr le Breathnach Tta dá ndíolfadh an gnólacht amach agus a cuid airgid a infeistiú in institiúid airgeadais an bhliain seo caite? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

**(d)** Más iad an cóimheas reatha agus an cóimheas mearshócmhainne do 2006 ná 1.3 le 1 agus 0.7 le 1, tabhair tuairisc ar leachtacht an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**

**6.** **Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin**

Níor choinnigh R. Ó Sabhaois sraith iomlán leabhar le linn na bliana dar chríoch 31/12/2007.
Is achoimre é seo a leanas ar an gcuntas airgid don tréimhse sin:

| | | |
|---|---|---|
| **Fáltais Airgid** | **€** | **€** |
| Iarmhéid – 1/1/2007 | 7,300 | |
| Féichiúnaithe | 78,200 | |
| Coimisiún | 4,500 | |
| Díolacháin | 205,000 | 295,000 |
| | | |
| **Íocaíochtaí Airgid** | | |
| Ceannacháin | 92,200 | |
| Tarraingtí | 8,200 | |
| Creidiúnaithe | 57,400 | |
| Pá agus speansais ghinearálta | 74,300 | |
| Trealamh | 4,600 | 236,700 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil, freisin:

| | **1/1/2007** | **31/12/2007** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Áitreabh | 840,000 | 840,000 |
| Veaineanna Seachadta | 68,000 | 68,000 |
| Féichiúnaithe | 10,400 | 9,600 |
| Creidiúnaithe | 8,700 | 4,900 |
| Stoc | 12,300 | 14,200 |
| Speansais dlite | 520 | 600 |

**Nóta:** Déan dímheas 20% den chostas sa bhliain ar Veaineanna Seachadta.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:**

**(a)** Úsáid a bhaint as **cuntais rialúcháin** chun ceannacháin iomlána agus díolacháin iomlána Uí Shabhaois a ríomh. (30)

**(b)** Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2007. (30)

**(c)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2007 a ullmhú. (40)

**(100 marc)**

**7.** **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Milano Tta.

| **Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2007** | **€** |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 110,000 |
| Ús íoctha | (7,000) |
| | 103,000 |
| Cáin | (32,000) |
| | 71,000 |
| Díbhinní íoctha | (31,000) |
| Brabús coinnithe don bhliain | 40,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2007 | 86,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2007 | 126,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2007** | | **31/12/2006** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh & Foirgnimh | 730,000 | | 690,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | 54,000 | 676,000 | 49,000 | 641,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 83,000 | | 75,000 | |
| Féichiúnaithe | 45,000 | | 33,000 | |
| Airgead | 38,000 | | 6,000 | |
| | 166,000 | | 114,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe | 74,000 | | 73,000 | |
| Cáin | 32,000 | | 26,000 | |
| | (106,000) | | (99,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 60,000 | | 15,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 736,000 | | 656,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 8% | | 100,000 | | 90,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 510,000 | | 480,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 126,000 | | 86,000 |
| | | 736,000 | | 656,000 |

**Iarrtar ort:**

**(a)** An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú do Milano Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2007 faoi na ceannteidil seo a leanas: (65)

1. Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú.

**(c)** An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an athrú ar na Glanfhiacha. (5)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8.** **Costáil Imeallach**

Déanann Mac Giolla Bhríde Tta táirge amháin a dhíoltar ar €15 an t-aonad. Díoltar na hearraí go léir ionas nach mbíonn stoc de tháirge ar bith ar láimh riamh. Taispeánann anailís chostála é seo:

Is iad na costais athraitheacha in aghaidh an aonaid ná €10 an t-aonad
Is iad na costais sheasta don tréimhse ná €35,000

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cion tairbhe a ríomh do gach aonad a dhíoltar.

**(b)** An pointe meá ar mheá a ríomh ina aonaid agus ina luach díolacháin don táirge seo agus tú ag baint úsáide as na sonraí thuas.

**(c)** An Lamháil Sábháilteachta a ríomh ina haonaid agus ina luach díolachán más iad na díolacháin bhuiséadaithe don tréimhse ná 12,000 aonad.

**(d)** Ráiteas Costála Imeallaí a ullmhú chun an Brabús agus an Caillteanas a thaispeáint ag na leibhéil táirgeachta seo a leanas:

1. 6,600 aonad
2. 7,700 aonad
3. 8,800 aonad

**(e)** Ríomh an leibhéal táirgeachta agus an t-ioncam ó dhíolacháin a thabharfaidh brabús €30,000.

**(80 marc)**

**9.** **<u>Buiséadú</u>**

Déanann Ó Baoill Tta dhá chineál teileafóin '**Dearglíne**' agus '**Gormlíne**'. Tá díolachán gach cineál teileafóin agus figiúirí ábhartha eile don bhliain dar críoch 31/12/2007 buiséadaithe mar a leanas:

| | **Dearglíne** | **Gormlíne** |
|---|---|---|
| Díolacháin Bhuiséadaithe | 1,400 aonad | 900 aonad |
| Praghas díolácháin ionchais an t-aonad | €190 | €280 |
| | | |
| **Stoic ionchais – *earraí críochnaithe*** | **Dearglíne** | **Gormlíne** |
| Stoic thosaigh | 340 | 160 |
| Stoic ar deireadh | 275 | 70 |
| | | |
| **An Méid Ábhair agus na Costais** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
| Dearglíne | 18 gram | 11 gram |
| Gormlíne | 15 gram | 14 gram |
| Praghas ionchais an kg | €13 | €17 |
| | | |
| **Stoic ionchais – *amhábhair*** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
| Stoic thosaigh | 370 gram | 290 gram |
| Stoic ar deireadh | 410 gram | 360 gram |
| | | |
| **Am do shaothair díreach ina uaireanta an chloig** | | |
| Dearglíne | 5 uaire an chloig | |
| Gormlíne | 8 n-uaire an chloig | |
| | | |
| **Ráta do shaothar díreach san uair** | **€12** | |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Buiséad Díolachán **ina aonaid agus ina €**.

**(b)** Buiséad Táirgeachta.

**(c)** Buiséad Úsáid Ábhar.

**(d)** Buiséad Ceannachán Ábhar **ina aonaid agus ina €**.

**(e)** Buiséad Saothair.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán